Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Nollaig 2022
(OR. en)

15393/22

LIMITE

PECHE 486

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0325(NLE)**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir leis na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh le haghaidh 2023 a shocrú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/110 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le deiseanna iascaireachta is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh le haghaidh 2022 a shocrú<br>– Comhaontú polaitiúil |

# I. RÉAMHRÁ

1. Chuir an Coimisiún an togra thuasluaite, atá bunaithe ar Airteagal 43(3) CFAE, faoi bhráid na Comhairle an 14 Deireadh Fómhair 2022[1]. Is é is aidhm don togra deiseanna iascaireachta a shocrú le haghaidh 2023 i gcomhréir leis an bplean ilbhliantúil do stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar agus leis na moltaí ón gCoimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM). Thug an Coimisiún an togra cothrom le dáta i bpáipéar leathoifigiúil a thíolaic sé an 23 Samhain 2022[2].

2. Scrúdaigh an Mheitheal um an mBeartas Iascaigh an togra ag an gcruinniú a bhí aici an 20 Deireadh Fómhair 2022 agus an páipéar leathoifigiúil ag an gcruinniú a bhí aici an 24 Samhain 2022. Chuir na toscaireachtaí forchoimeádais ghrinnscrúdaithe isteach agus bhí roinnt toscaireachtaí an-chriticiúil i dtaobh na mbeart a moladh chun an plean ilbhliantúil don Mheánmhuir Thiar a chur chun feidhme agus d'iarr siad go mbeadh cur chuige níos céimsí

[1] 13592/22 + ADD 1
[2] 14899/21

ann chun an tionchar diúltach socheacnamaíoch ar iascairí a mhaolú freisin i gcomhthéacs an bhoilscithe leanúnaigh agus na gcostas ard fuinnimh. Thagair cuid de na barúlacha don ghá atá le cothrom iomaíochta a áirithiú le tríú tíortha a bhíonn ag iascaireacht san imchuach farraige céanna, go háirithe trí rialuithe feabhsaithe.

PUBLIC

3. Eisíodh leagan comhdhlúite den togra an 30 Samhain 2022[3] agus pléadh ag an Meitheal é an 1 Nollaig 2022. Tríd is tríd, thacaigh na toscaireachtaí leis an téacs atá beartaithe lena n-áirítear roinnt mionathruithe lena gceartaítear earráidí teicniúla nó teanga agus leis an soiléiriú ar an raon feidhme mar a mhol Seirbhís Dlí na Comhairle. Sa leagan comhdhlúite, tá gnéithe atá ábhartha do na hiascaigh sa Mheánmhuir Thiar agus atá fós oscailte don phlé polaitiúil: Aithrisí 7, 8, 9, 19, 12, 14, 14a, 31, Airteagail 7, 8, 8a agus Iarscríbhinn III.

4. Go ginearálta, creideann an Uachtaránacht gur cheart na prionsabail seo a leanas a bheith ina dtreoir don phlé agus don chinneadh críochnaitheach:

– Tiomantas láidir do chuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh (CBI) a leagtar amach in Airteagal 39 de CFAE agus in Airteagal 2 de CBI[4];

– Comhlíonadh fhorálacha an phlean ilbhliantúil maidir le stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar, lena n-áirítear uastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach faoi 2025;

– Cinntí a bhunú ar an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil.

5. D'eagraigh an Uachtaránacht cruinnithe tríthaobhacha teicniúla an 2 Nollaig leis an gCoimisiún agus leis na toscaireachtaí chun na saincheisteanna atá fós gan réiteach a shoiléiriú. Cuirtear na saincheisteanna sin i láthair i gcuid II thíos. Tá tuilleadh sonraí faoi sheasamh na dtoscaireachtaí maidir leis na saincheisteanna sin le fáil ina mbarúlacha i scríbhinn[5].

---

[3] 15115/22

[4] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

[5] 15283/22

## II. SAINCHEISTEANNA ATÁ FÓS GAN RÉITEACH

6. Is é an phríomh-shaincheist atá fós gan réiteach an laghdú ar an iarracht iascaireachta maidir le stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar dá bhforáiltear in Iarscríbhinn III. Iarrann na toscaireachtaí go mbeadh cur chuige níos céimsí ann ná an 7.5 % do thrálaeir a mhol an Coimisiún agus laghduithe leanúnacha ar an bpobal iascaigh á gcur san áireamh agus cuireann siad chun suntais go bhféadfadh bearta eile arb é is aidhm dóibh cur leis an roghnaíocht a bheith níos éifeachtaí chun uastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach.

7. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh do na toscaireachtaí go leanfar leis an sásra cúitimh a raibh torthaí maithe air in 2022 ach áitíonn siad gur cheart céatadán níos airde den iarracht iascaireachta fhoriomlán a bheith ann do thrálaeir, a d'fhéadfaí a leithdháileadh ina dhiaidh sin, sa bhreis ar a chuid soithí dá gcomhlíonfaí coinníollacha áirithe. Áitíonn na toscaireachtaí go gcruthófaí le céatadán níos airde fíordhreasacht dá gcabhlaigh chun an roghnaíocht a mhéadú agus, dá bhrí sin, chun an stoc a chosaint.

8. Gné eile atá á phlé is ea an laghdú 7 % atá beartaithe ar na huasteorainneacha gabhála incheadaithe don séacla gorm agus dearg agus don séacla mór dearg. Tá toscaireacht amháin i gcoinne teorainneacha gabhála den sórt sin a shocrú toisc go bhfuil forluí eatarthu le héifeachtaí laghdú na laethanta iascaireachta, agus ba mhaith le toscaireacht eile go mbeadh an laghdú níos lú agus ní féidir le tríú toscaireacht aontú leis an laghdú i réimsí áirithe bainistíochta.

9. Ar deireadh, ceistíonn na toscaireachtaí an togra maidir le tréimhse choiscthe bhreise de cheithre seachtaine leanúnacha i gcás eangacha geolbhaigh agus báid spiléireachta chun colmóirí a chosaint le linn an bhuaicshéasúir sceite i bhfianaise na heaspa faisnéise eolaíche maidir le bealaí imirce. Ceistíonn toscaireacht amháin freisin an méadú ar an íosmhéid tagartha caomhnaithe do cholmóirí.

## III. CONCLÚID

1. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna atá fós gan réiteach a leagtar amach faoi phointe II thuas, d'fhonn teacht ar chomhaontú polaitiúil ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh (AGRIFISH) a bheidh ar siúl an 11 agus an 12 Nollaig 2022.



PUBLIC